Úsáid TFC

Gnéithe Inmhianaithe

Samhaltú a Úsáid

Leibhéal 1

De ghnáth, ba cheart go léireodh daltaí fianaise go bhfuil siad ábalta:

- Amharc ar scarbhileoga atá ann cheana féin agus páirt a ghlacadh i bplé faoi threoir an mhúinteora ar fhaisnéis a roghnú atá le cur i scarbhileog, sula n-iontráiltear sonraí i gcealla faoi choinne bileog oibre atá ullmhaithe ag an mhúinteoir. Bunghnéithe de na bogearraí a fhiosrú. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo sonraí uimhriúla a iontráil i samhail scarbhileoige atá ullmhaithe ag an mhúinteoir.* (Fiosrú)
- Bileog oibre bhunúsach a chruthú i bpacáiste bogearraí le cuidiú an mhúinteora. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo bileog oibre a nuashonrú faoi stiúir an mhúinteora, agus dearadh a chuir an múinteoir ar fáil in úsáid.* (Cur in iúl)
- Fios a bheith acu gur féidir modhanna digiteacha a úsáid le cumarsáid a dhéanamh nuair atáthar ag obair ar scarbhileog. (Malartú)
- Labhairt faoin scarbhileog acu, faoi threoir an mhúinteora. (Luacháil)
- A scarbhileog a thaispeáint le cuidiú an mhúinteora. (Taispeáint)

Leibhéal 2

De ghnáth, ba cheart go léireodh daltaí fianaise go bhfuil siad ábalta:

- Sonraí a bhailiú agus a thaighde leis na sonraí a nuashonrú lena n-iontráil i scarbhileog. Sraith treoracha a leanúint agus bogearraí na scarbhileoige in úsáid le ceist shimplí a fhreagairt. (Fiosrú)
- Dearadh bunúsach de bhileog oibre a chruthú le cuidiú an mhúinteora. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo na dathanna agus na clóstíleanna a athrú nó colún úr a chur leis an scarbhileog a chuir an múinteoir ar fáil, le leideanna ócáideacha le linn an phróisis.* (Cur in iúl)
- An dóigh ar féidir le modhanna éagsúla digiteacha a úsáid le cumarsáid a dhéanamh nuair atáthar ag obair ar scarbhileog, a shainaithint agus labhairt fúthu. (Malartú)
- Labhairt ar an dóigh leis an dearadh scarbhileoige acu a fheabhsú, le leideanna ón mhúinteoir. (Luacháil)
- A scarbhileog a shábháil agus/nó í a thaispeáint don rang nó don ghrúpa le cuidiú an mhúinteora. (Taispeáint)

Leibhéal 3

De ghnáth, ba cheart go léireodh daltaí fianaise go bhfuil siad ábalta:

- Sonraí a chuardach agus a roghnú ó fhoinse thugtha le hiontráil i samhail bhunachar sonraí. Sraith treoracha a leanúint le sonraí a iontráil sa scarbhileog le cuidiú le fadhb shimplí a réiteach. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo oibreoirí matamaiticiúla a úsáid amhail, suimigh, dealaigh, iolraigh nó roinnt le roinnt staitisticí a chur ar fáil.* (Fiosrú)

- Leagan amach a chruthú le cuidiú le fadhb thugtha a réiteach, faoi threoir an mhúinteora. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo sonraí a iontráil sa bhileog oibre agus na hathróga a athrú leis an tionchar ar na torthaí a fheiceáil.* (Cur in iúl)
- Modh comhaimseartha digiteach a úsáid le cumarsáid a dhéanamh, nó le cur le gníomhaíocht ar líne faoi stiúir a bhaineann leis an scarbhileog. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo ríomhphost a chur nó postáil a dhéanamh ar vicí, ar bhlag nó ar shnáithe plé.* (Malartú)
- Roinnt mionathruithe a dhéanamh lena scarbhileog a fheabhsú. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo an leagan amach nó formáid na gceall sa scarbhileog a nuashonrú le go mbeadh an fhaisnéis ar taispeáint i gceart.* (Luacháil)
- Comhadainm a úsáid lena scarbhileog a shábháil agus/nó í a thaispeáint don rang nó don ghrúpa. (Taispeáint)

Leibhéal 4

De ghnáth, ba cheart go léireodh daltaí fianaise go bhfuil siad ábalta:

- Sonraí a thaighde agus a roghnú as réimse d'fhoinsí digiteacha le cuidiú lena scarbhileog a phleanáil agus le cur isteach inti. Imscrúdú a dhéanamh ar an fhadhb i mionteagasc an taisc agus í a réiteach. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo cinneadh a dhéanamh ar chineálacha cuí sonraí agus foirmlí le cuidiú leis an fhaisnéis atá de dhíth a ríomh.* (Fiosrú)
- Scarbhileog a chruthú ina léirítear feasacht ar an spriocghrúpa agus ar an chuspóir atá sainmhínithe i mionteagasc an taisc. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo cineálacha sonraí a úsáid i gceart faoi choinne na n-athróg, feidhmeanna matamaiticiúla a úsáid le foirmlí bunúsacha a chruthú, agus formáidiú a úsáid amhail imlínte nó scáthlíniú le go mbeadh sé níos fusa faisnéis a léamh.* (Cur in iúl)
- Ceann amháin nó níos mó de mhodhanna comhaimseartha digiteacha a úsáid le cumarsáid, le malartú agus le comhoibriú a dhéanamh i ngníomhaíochtaí ar líne faoi stiúir. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo ríomhphost a chur le ceangaltán nó roinnt postálacha ábhartha a dhéanamh ar vicí, ar bhlag nó ar fhóram díospóireachta a bhaineann le dearadh na scarbhileoige nó le torthaí uaithi.* (Malartú)
- Uirlisí agus gnéithe cuí TFC a úsáid lena gcuid oibre a fheabhsú. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo seiceálaí litrithe a úsáid, cealla a fhormáidiú, cineálacha sonraí a nuashonrú agus na feabhsuithe a rinne siad ar a scarbhileog a dhoiciméadú.* (Luacháil)
- An scarbhileog a shábháil i bhfillteán ainmnithe nó i ríomhphunann ranga. (Taispeáint)

Leibhéal 5

De ghnáth, ba cheart go léireodh daltaí fianaise go bhfuil siad ábalta:

- Sonraí a thaighde, a roghnú, a chur in eagar, a úsáid, agus a luacháil as réimse d'fhoinsí digiteacha le cuidiú le sonraí a dhearadh agus/nó a bhailiú le stóráil sa scarbhileog. Réiteach scarbhileoige a fhorbairt a réitíonn fadhb agus tuiscint shoiléir ar spriocghrúpa a léiriú. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo úsáid a bhaint as réimse d'uirlisí agus de ghnéithe bogearraí amhail SUM, AVERAGE, MIN agus MAX, formáidiú coinníollach agus/nó graf.* (Fiosrú)

- Scarbhileog a chruthú a léiríonn tuiscint shoiléir ar an spriocghrúpa agus ar an chuspóir ata sainmhínithe i mionteagasc an taisc. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo formáidiú coinníollach a úsáid le patrúin a shainaithint patrúin, tagairt do chill choibhneasta a úsáid le sraith foirmlí a mhacasamhlú thar na cealla, agus graf atá oiriúnach don fheidhm le teideal, lipéid aise agus/nó eochair eolais.* (Cur in iúl)
- Modhanna comhaimseartha digiteacha a úsáid le cumarsáid, malartú agus roinnt a dhéanamh ar a gcuid faisnéise agus táirgí ilmheán, comhoibriú ar líne a dhéanamh lena bpiaraí. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo a bheith ag obair ar líne le scarbhileog a dhearadh go comhoibríoch, nó plé agus/nó díospóireacht a dhéanamh ar líne faoin ábhar atá le húsáid lena scarbhileog a líonadh.* (Malartú)
- Uirlisí agus gnéithe cuí TFC a úsáid le feabhsuithe leanúnacha a chur i bhfeidhm ar a scarbhileog agus le próiseas agus toradh a luacháil. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo timthriall 'pleanáil, déanamh, athbhreithniú' a úsáid le cur síos a dhéanamh ar an phróiseas, ar na huirlisí TFC a d'úsáid siad agus ar na feabhsuithe a chur siad i bhfeidhm ar a scarbhileog. Déanann siad machnamh ar a ndearadh scarbhileoige agus beachtaíonn siad é ar dhóigh leanúnach lena dhéanamh ábhartha don spriocghrúpa agus don chuspóir atá sainmhínithe i mionteagasc an taisc. Léiríonn siad gur úsáid siad gnéithe ábhartha de bhogearraí na scarbhileoige le feabhsuithe leanúnacha a dhéanamh agus gur luacháil siad roinnt de na huirlisí agus na gnéithe a d'úsáid siad agus caighdeán na scarbhileoige deiridh maidir leis an spriocghrúpa agus leis an chuspóir atá sainmhínithe i mionteagasc an taisc.* (Luacháil)
- An scarbhileog a eagrú, a stóráil, agus a chothabháil, lena n-áirítear bileoga oibre agus leabhar oibre a bhfuil ainm cuí orthu, i spás pearsantaithe le sárthaispeántas a dhéanamh den fhoghlaim dhigiteach trasna an churaclaim. (Taispeáint)

Leibhéal 6

De ghnáth, ba cheart go léireodh daltaí fianaise go bhfuil siad ábalta:

- Sonraí as réimse d'fhoinsí digiteacha a thaighde, a roghnú, a chur in eagar, a úsáid, agus a luacháil le cuidiú le sonraí a dhearadh agus/nó a bhailiú lena stóráil sa scarbhileog, agus an dóigh a gcuidíonn na foinsí leis an dearadh agus/nó le sonraí dlisteanacha a chur ar fáil, a chosaint agus tagairt a dhéanamh dóibh. Réimse d'uirlisí agus de ghnéithe bogearraí a úsáid le scarbhileog a fhorbairt ina bhfuil comhtháthú ar bhailíochtú agus ar fhoirmlí atá níos casta, dearbhthagairt cille, feidhmeanna agus graif in úsáid, san iliomad bileog oibre le cuidiú le riachtanais an spriocghrúpa shainithe a chomhlíonadh. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo scarbhileog a chruthú a bhfuil níos mó ná bileog oibre amháin aici, leathanach achoimre nó deais a chruthú le faisnéis a thabhairt le chéile agus a ionramháil ó na bileoga oibre agus í a chur i láthair i bhformáid a bhfuil sé níos fusa rochtain a dhéanamh uirthi, amhail graf.* (Fiosrú)
- Scarbhileog a chruthú atá dírithe ar spriocghrúpa agus ar chuspóir ar leith. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo réimse leathan de ghnéithe bogearraí a chomhtháthú amhail foirmlí casta, feidhmeanna atá ag úsáid dearbhthagairt cille, cealla cosanta, graf atá oiriúnach don fheidhm a úsáideadh san iliomad bileog oibre, agus bailíochtú le hearráidí ionchuir a laghdú.* (Cur in iúl)

- Réimse modhanna comhaimseartha digiteacha a úsáid le cumarsáid, malartú agus roinnt a dhéanamh ar a gcuid faisnéise agus táirgí ilmheáin, agus comhoibriú a dhéanamh le piaraí, le saineolaithe agus le húsáideoirí deiridh. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo comhoibriú a dhéanamh ar fhréamhshamhail le piaraí, mar shampla í a roinnt i bhfóram díospóireachta agus ag ligean do rannpháirtithe gnéithe comhoibríocha de na bogearraí a úsáid le tráchtanna agus cosaintí ardchaighdeáin a chur go díreach ar an bhileog oibre/leabhar oibre.* (Malartú)
- Cosaint a thabhairt ar na bogearraí feidhme a roghnaigh siad leis an tasc scarbhileoige a chomhlánú, na malairtí ar smaoinigh siad orthu agus an próiseas a rinne siad leis an scarbhileog a thógáil le go mbeadh sé éifeachtach don spriocghrúpa agus don chuspóir. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo an próiseas forbartha acu a shainaithint agus cur síos a dhéanamh air, agus na heochairphointí a shainaithint mar a ndearna siad breithiúnais fiúntais a chuir leis an scarbhileog deiridh.* (Luacháil)
- A scarbhileog a eagrú, a stóráil, agus a chothabháil i spás pearsantaithe le sárthaispeántas a dhéanamh den fhoghlaim dhigiteach trasna an churaclaim. (Taispeáint)

Leibhéal 7

De ghnáth, ba cheart go léireodh daltaí fianaise go bhfuil siad ábalta:

- Na sonraí is ábhartha a bailíodh as réimse foinsí, a aimsíodh agus a cruthaíodh, a thaighde agus a roghnú, idirdhealú a dhéanamh eatarthu maidir le hábharthacht, le hiontaofacht agus le cruinneas, agus na foinsí acu a chosaint agus tagairt a dhéanamh dóibh. An pacáiste agus na gnéithe is cuí le húsáid le freastal ar riachtanais an úsáideora deiridh atá sainmhínithe i mionteagasc an taisc, a roghnú agus a chosaint. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo réitigh eile scarbhileoige a thaighde agus a roghnú agus triail a bhaint go córasach as réimse de leaganacha amach, cinneadh a dhéanamh ar an cheann is cuí le freastal ar ionchais an spriocghrúpa, timthriall forbartha a úsáid lena bhfréamhshamhail a thástáil agus a choigeartú go rialta agus roghanna a chosaint bunaithe ar a n-intinní tosaigh, grúpdhíospóireachtaí agus aiseolas ó úsáideoirí deiridh.* (Fiosrú)
- Scarbhileog chuí a chruthú a bhaineann tairbhe as réimse d'uirlisí agus de ghnéithe cuí bogearraí agus d'fhéadfadh gnéithe uathoibrithe a bheith ann amhail macraí nó ardfheidhmeanna le cuidiú le hionchur sonraí agus cinntí a dhéanamh san iliomad bileog. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo úsáid a bhaint as IF, COUNTIF, COUNTA agus/nó SUMIF, agus/nó bailíochtú sonraí lena n-áirítear iontráil oiriúnaithe agus/nó teachtaireachtaí earráide, úsáid a bhaint as pánaí reo, agus bileoga oibre agus/nó leabhair oibre a chosaint le pasfhocail le rúndacht na sonraí a chinntiú.* (Cur in iúl)
- Tairbhe a bhaint as modhanna comhaimseartha cumarsáide le malartú, roinnt agus comhoibriú a dhéanamh ar a gcuid faisnéise agus smaointe forbartha le piaraí, le saineolaithe agus le húsáideoirí deiridh, ag cur le timpeallacht dhomhanda chomhoibríoch. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo an scarbhileog a uaslódáil chuig blag le haiseolas a bhailiú ó phiaraí, ó shaineolaithe agus ó úsáideoirí deiridh, agus gníomhú dá réir ar dhóigh thuisceanach le cáilíocht ard agus le hoiriúnacht an táirge nó na faisnéise a fheabhsú d'úsáideoir deiridh atá sainmhínithe i mionteagasc an taisc.* (Malartú)

- Riachtanais an úsáideora deiridh agus cuspóir na scarbhileoige a shainaithint ag an tús, le tuiscint atá ag méadú, agus athbhreithniú a dhéanamh go córasach ar an leagan deiridh i gcoinne na riachtanas ag deireadh an phróisis, agus a shainaithint go soiléir cé acu a comhlíonadh agus cé acu nár comhlíonadh. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo aiseolas a chruinniú ó úsáideoirí deiridh agus beachtú breise a dhéanamh nó moltaí a leagan amach le feabhas a dhéanamh.* (Luacháil)
- Stór digiteach d'obair atá struchtúraithe go loighciúil a bhainistiú agus a chur i láthair, le sárthaispeántas a dhéanamh den fhoghlaim trasna an churaclaim, agus formáid, iniomparthacht, méid, cóipcheart agus leaganú a chur san áireamh. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo machnamh a dhéanamh ar fhormáid, ar iniomparthacht, agus ar mhéid na scarbhileoige sula ndéantar iad a stóráil.* (Taispeáint)

Ba chóir go léireodh daltaí, san am agus san áit is cuí, eolas agus tuiscint ar ríomhshábháilteacht, ar a n-áirítear iompraíocht atá inghlactha ar líne.